C/2023/1261

28.11.2023

Fógra le haghaidh na beirte atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

(C/2023/1261)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid Bernard Maheshe BYAMUNGU agus Ruvugayimikore PROTOGÈNE, daoine atá in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES ([1]) ón gComhairle agus Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ([2]) ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

An 25 Deireadh Fómhair 2023, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an bheirt thuasluaite le liosta na ndaoine aonair agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha. Tá na scéalta atá mar bhonn leis na liostaí sin ar fáil ag Security Council 1533 Sanctions Committee Adds Two Entries to Its Sanctions List | UN Press.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá sé beartaithe ag an gComhairle an bheirt thuasluaite a áireamh ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, agus na hiontrálacha comhfhreagracha a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES agus ó Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

Ba cheart aon bharúlacha ba mhian leis na daoine lena mbaineann a chur i láthair faoin 12 Nollaig 2023 a chur faoi bhráid an tseolta seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.
([2]) IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.